Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12185/25**

**DELACT 106**
**PECHE 230**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5517 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.8.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5517 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 5517 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.8.2025
C(2025) 5517 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 6.8.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2019/1241[1] bunaítear creat chun bearta teicniúla a rialú. Leis an gcreat sin, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach, mar atá, iascaireacht a dhéanamh ar leibhéil uastáirgeachta inbhuanaithe, gabhálacha de thaisme a laghdú agus deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha, agus rannchuidiú leis an dea-stádas comhshaoil a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE[2].

Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[3] go bhféadfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a chur isteach lena ndíreofar ar chuspóirí na mbeart caomhnaithe ábhartha, na bpleananna ilbhliantúla nó na bpleananna sonracha um ábhar muirí aischurtha de chuid an Aontais a bhaint amach.

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar bhonn moladh comhpháirteach, chun sainiúlachtaí réigiúnacha an iascaigh ábhartha a chur san áireamh, trí na bearta teicniúla a leagtar amach sna hIarscríbhinní a leasú, a fhorlíonadh nó a aisghairm, nó trí na bearta teicniúla sin a mhaolú, i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin agus le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Le hAirteagal 2(2) tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh trína fhoráil go mbeidh feidhm ag forálacha ábhartha Airteagal 13 nó ag codanna A nó C d’Iarscríbhinní V go X maidir le hiascach áineasa freisin.

Is é is aidhm do na tograí sna moltaí comhpháirteacha Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú agus is gá cumhachtuithe ar leithligh a úsáid chun iad a ghlacadh. Tá nasc substainteach ann, áfach, i gcomhréir le pointe 31 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4]. Ós rud é gur bearta teicniúla iad na bearta sin ar fad arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le caomhnú acmhainní iascaireachta i réigiún ar leith, moltar iad san aon mholadh comhpháirteach amháin arna chur isteach ag na Ballstáit toisc go bhfuil leas díreach bainistíochta acu sa réigiún céanna, agus tá siad dírithe ar iarscríbhinní a ghabhann leis an ngníomh reachtach céanna a leasú.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.07.2019, lch. 105). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj

[2] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19). ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22–61). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj

[4] IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 6 Meitheamh 2025 chuir Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil) agus Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, Éire agus an Ísiltír) moltaí comhpháirteacha isteach a chuirfeadh síneadh go dtí an 31 Nollaig 2026 leis na bearta a raibh feidhm acu maidir leis an deargán (*Pagellus bogaraveo*) ó bhí mí Iúil 2022 ann. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún[5] leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1241 chun na bearta sin a áireamh in Iarscríbhinní VI agus VII, agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/491[6] agus (AE) 2024/3204[7] ón gCoimisiún cuireadh síneadh leis na bearta sin go dtí an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2025 faoi seach. Le moltaí comhpháirteacha an 6 Meitheamh 2025 iarrtar go gcoinneofaí ar bun an íosmhéid tagartha caomhnaithe atá ann faoi láthair le haghaidh deargán sa dá imchuach farraige, agus na hiaimh, (i) le haghaidh soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh agus (ii) le haghaidh iascach tráchtála ar bhonn séasúrach agus le haghaidh iascach áineasa ar feadh na bliana i limistéir gheografacha shonracha d'fholimistéar 8 de CITM.

Ós rud é: (i) gurb éard atá sna bearta i moltaí comhpháirteacha an 6 Bealtaine 2025 na bearta céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an deargán ó bhí mí Iúil 2022 ann; (ii) go bhfuil na sonraí maidir leis an stoc sin fós gann agus gur eisigh CITM comhairle lena moltar gabháil nialasach le haghaidh 2025 agus 2026[8]; agus (iii) go bhfuil na bearta fós níos déine ná na bearta bonnlíne a raibh feidhm acu maidir leis an deargán i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM sular glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún, measann an Coimisiún go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 8 Iúil 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

**Achoimre ar an ngníomhaíocht**

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear na bearta teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 trí shíneadh a chur leis na bearta atá ann cheana le haghaidh deargán go dtí an 31 Nollaig 2026.

**Bunús dlí**

Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

---

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéar 6 go 8 ICES (IO L 5, 6.1.2023, lgh. 1–6). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/56/oj

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/491 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES (IO L 2024/491, 13.2.2024). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/491/oj

7 Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán (IO L, 2024/3204, 31.12.2024). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3204/oj

8 Comhairle 2024 ó CITM maidir leis an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6-8 (An Mhuir Cheilteach, Muir nIocht, agus Bá na Bioscáine). https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019660.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.8.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 2(2) agus Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2019/1241 leagtar síos bearta teicniúla réigiúnacha sonracha le haghaidh uiscí an Aontais in Uiscí an Iarthuaiscirt agus in Uiscí an Iardheiscirt.

(2) Le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 déantar foráil maidir le bearta teicniúla le haghaidh Uiscí an Iarthuaiscirt agus le hIarscríbhinn VII déantar foráil maidir le bearta teicniúla le haghaidh Uiscí an Iardheiscirt. An 6 Meitheamh 2025 chuir Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil) agus Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, Éire agus an Ísiltír) dhá mholadh chomhpháirteacha isteach, faoi seach, inar iarradh síneadh a chur leis na bearta a bhfuil feidhm acu faoi láthair maidir leis an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM go dtí an 31 Nollaig 2026. Leis na bearta a iarradh, coinnítear ar bun an íosmhéid tagartha caomhnaithe 36 cm atá ann faoi láthair le haghaidh deargán le haghaidh iascach tráchtála sa dá imchuach farraige, chomh maith le hiamh le haghaidh soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2025; iamh ar bhonn séasúrach le haghaidh iascach tráchtála agus iamh ar feadh na bliana le haghaidh iascach áineasa i limistéir gheografacha shonracha d'fholimistéar 8 de CITM.

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.

(3) Le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] bunaítear go bhféadfaidh na Ballstáit sin, a bhfuil leas díreach bainistíochta acu i mbearta caomhnaithe de chuid an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le réigiún geografach ar leith, moltaí comhpháirteacha a chur isteach chun cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach. Le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2019/1241 ceadaítear do na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a chur isteach chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann leis na bearta teicniúla réigiúnacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Tá leas díreach bainistíochta iascaigh ag Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt agus ag Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt in Uiscí an Iardheiscirt agus in Uiscí an Iarthuaiscirt faoi seach.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 8 Iúil 2025.

(6) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ('CETEI') measúnú roimhe seo ar na bearta sin in 2021 a bhfuil feidhm acu maidir leis an deargán ó bhí mí Iúil 2022 ann agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfaidís gabhálacha deargán a laghdú[3].

(7) Ós rud é gurb éard atá sna bearta na bearta céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an deargán ó bhí mí Iúil 2022 ann; tá na sonraí sin maidir leis an stoc sin fós gann agus d'eisigh CITM comhairle lena moltar gabháil nialasach le haghaidh 2025 agus 2026[4]; agus go bhfuil na bearta níos déine ná na bearta bonnlíne a raibh feidhm acu maidir leis an deargán i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM sular glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/1241.

(8) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir. Ós rud é go rachaidh na bearta a bhfuil síneadh le cur leo in éag an 31 Nollaig 2025, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026 chun leanúnachas dlí a áirithiú.

(9) Leis na bearta a tugadh isteach leis an Rialachán seo is infheidhme maidir le huiscí an Aontais saothraítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 494(1) agus (2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

[3] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) - 'Evaluation of Joint Recommendations on the Landing Obligation and on the Technical Measures Regulation' [Meastóireacht ar na Moltaí Comhpháirteacha i ndáil leis an Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír agus leis an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla] (STECF-21-05). https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC126128.

[4] Comhairle 2024 ó CITM maidir leis an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6-8 (An Mhuir Cheilteach, Muir nIocht, agus Bá na Bioscáine). https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019660.

Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[5], agus tabharfar aird ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 494(3) den chomhaontú sin. Tá siad gan dochar d'aon bheart is infheidhme in uiscí Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.8.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

---

[5] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10). ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj